Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1316

10.6.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/1316 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 9 Meitheamh 2026**

**maidir le Ceann Misin ar Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) (EUPM Armenia/1/2026) a cheapadh**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/894 ón gComhairle an 21 Aibreán 2026 maidir le Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2026/894, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA Armenia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 20 Bealtaine 2026, mhol an tArdionadaí go gceapfaí Cosmin George DINESCU mar Cheann Misin ar EUPM Armenia ón 11 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh maidir le Cosmin George DINESCU a cheapadh mar Cheann Misin ar EUPM Armenia ón 11 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar Cosmin George DINESCU mar Cheann Misin ar Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) ón 11 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

L. MANDEL VENSILD

([1]) IO L, 2026/894, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/894/oj.